

Aonad 2 – Ceacht 3



Acmhainní agus Ioncam Michelle

Is mise Michelle. Táim sé bliana déag d'aois agus tá cónaí orm i gCill Dara. Táim díreach tosaithe sa tríú bliain. Tá bliain ghnóthach amach romham mar beidh mé ag dul go dtí an Fhrainc ag deireadh na bliana chun páirt a ghlacadh i gcomórtas dornálaíochta. Tá post páirtaimseartha agam freisin, chomh maith leis an Teastas Sóisearach i mí an Mheithimh. Mar sin, beidh mé gnóthach ag obair agus ag staidéar, mar ba mhaith liom torthaí maithe a fháil.




Is breá liom a bheith gnóthach mar sin ní miste liom go bhfuil go leor le déanamh agam. Ach ní mór dom go leor planála a dhéanamh dá bharr. Bíim ag freastal ar an scoil ón Luan do dtí an Aoine, agus bíonn traenáil agam sa chlub dornálaíochta ar feadh dhá uair a chloig gach tráthnóna Luan, Céadaoin agus Aoine, mar aon le traenáil gach Satharn, a bhíonn ar siúl ar maidin.

Tá feirm mhór ag mo thuismitheoirí atá in aice leis an teach. Tá siopa beag againn freisin. Díolaimid ábhair éagsúla ón bhfeirm cosúil le glasraí, torthaí, mil, uibheacha agus móin. Bíim ag obair sa siopa gach tráthnóna Máirt agus Satharn. Bíim ag obair ann Dé Domhnaigh freisin. Ag brath ar an obair atá le déanamh, oibrím idir 8-12 uaire i rith na seachtaine agus faighim thart ar €100 don obair seo. Tuigim go bhfuil an t-ádh liom, mar níl mórán daoine ar comhaois liom a fhaigheann an méid seo airgid. Déanaim iarracht a bheith ciallmhar, ach bíonn planáil de dhíth. Ba mhaith liom carr a fháil nuair a bheidh mé 18. Mar sin, más féidir liom €20 a shábháil gach seachtain beidh €2000 agam faoin am sin le cur le costas an chairr.



Bíonn orm €80 in aghaidh na míosa a íoc don chlub dornálaíochta agus €8 in aghaidh na míosa a íoc le haghaidh Netflix. Tugaim €10 do charthanacht áitiúil a thugann aire d'ainmhithe. Imíonn an cuid eile ar bhia, éadaí, an phictiúrlann agus ag dul amach le mo chairde.

Ach an rud is tábhachtaí dom i mbliana ná an Teastas Sóisearach agus táim ag iarraidh mo dhícheall a dhéanamh ina leith. Tá gach rud go breá faoi láthair, mar táim in ann gach rud gur mian liom a



dhéanamh. Ach tuigim go mbeidh sé níos deacra níos déanaí i mbliana nuair a bheidh mé ag iarraidh níos mó staidéir a dhéanamh. B'fhéidir go mbeidh orm ranganna breise a dhéanamh fiú, in ábhar nó dhó atá deacair dom.

Ciallaíonn seo go mbeidh orm machnamh a dhéanamh ar an airgead atá á chaitheamh agam, mar beidh orm féin íoc as na ranganna seo. Ach is breá liom gach rud a gcaithim airgead air agus níl cinnte cén ceann ar cheart dom gearradh siar air.

Seachas an t-airgead, beidh orm gearradh siar ar thraenáil nó obair chomh maith. Nó b'fhéidir go mbeidh orm gearradh siar ar an dá rud! Táim buartha faoi seo – mar tá an carr ag teastáil uaim go mór, agus táim ag iarraidh an comórtas dornálaíochta a bhuachan, ach tuigim nach n-éireoidh liom má ghearraim siar ar an traenáil.

